**Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach**




# Scéal Oilibhéir

**Nuachtlitir 4-10-2019**

## Foirgneamh Nua | *New Building*

Tá áthas orm a rá go bhfuil comhlacht ailtirí ceaptha ag an mBord Bainistíochta chun foirgneamh buan nua a thógáil in áit an bhotháin. Ní fios go fóill go díreach cá mbeidh sé, fágfar faoin na saineolaithe é sin ach is dea-scéal é!

*I am delighted to say that an architectural Company have been appointed by the* Bord Bainistíochta *to oversee the construction of a new permanent building to replace the prefab. It is not known yet exactly where it will go, that will be left to the experts, but it's great news!.*

## Fás na Scoile| *School Expansion!*

Bhí roinnt cumarsáide ag an mBord Bainistíochta leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis seo. Tá taighde ar bun acu le féachaint cén t-éileamh a bheidh ar áiteanna scoile amach anseo sa cheantar, áiteanna Gaelscoile ina measc agus táimid ag súil le treoir níos cinnte sna míonna seo romhainn.

*The* Bord Bainistíochta *have had some communications with the Department of Education and Skills around this. They are currently conducting their own research into the future demand for school places in the area, including* Gaelscoil *places and we are hopeful of some more definite guidance in the coming months.*

## Na Naíonáin Mhóra | *Senior Infants*

Tá na Naíonáin Mhóra le bailiú lasmuigh den oifig anois. Má tá sé ag cur báistí, tá fáilte roimh thuismitheoirí/chaomhnóirí fanacht leo laistigh in aice na hoifige. Ionas nach mbeidh an iomarca cur isteach ar obair na n-ardranganna, iarrtar ort **gan** teacht isteach roimh 13:25 le bhur dtoil. Roinn an t-eolas seo le tuistí críonna agus feidhlithe le bhur dtoil.

*The Senior Infants are to be collected outside the office now. If it is raining, parents/guardians are welcome to wait inside beside the office. To reduce disruption to the the work of the senior classes, you are asked not to come before 13:25. Please share this information with grandparents and minders.*

## Iontráil | *Enrolment*

Tá an Polasaí reatha Iontrála don Mheán Fómhair 2020 ar an suíomh anois. Beidh Forimeacha Iarratais ann ar ball. Beidh an Próiseas Iontrála ag oscailt i mí na Samhna. Scaip an scéal i measc do chairde agus cuimhnigh, fiú má tá páiste agat sa scoil cheana féin agus páiste eile ag teacht, is gá an Fhoirm Iarratais a líonadh amach. Tá Léiriú Suime ar an suíomh do dhaltaí ionchasacha nua freisin a chabhróidh linn pleanáil a dhéanamh do na blianta amach romhainn. Roinn le do chairde agus le daoine le páistí réamhscoile é le do thoil.

*The current Enrolment Policy for September 2020 is now on the website. The Application Forms wil be there shortly. The Enrolment Process will open in November. Please spread this news amongst your friends and remember, even if you have children already attending the school, you still have to complete an Application Form. There is also an Expression of Interest on the website for prospective new pupils which will help us to plan for the upcoming years. Please share with friends and anyone with preschool children.*

## Mórghlanadh Suas na Scoile agus Bailte Slachtmhara Bhaile Bhlainséir | *Big School Clean-Up and Blanchardstown Tidy Towns*

Faraor, de bharr na drochaimsire, bhí orainn an lá seo a chur ar ceal. Ar ndóigh, tháinig feabhas láithreach ar chúrsaí tar éis dúinn é a chur ar ceal! D'éirigh le cuid de na ranganna roint oibre a dhéanamh áfach agus déanfar arís é amach anseo. Bí cinnte go bhféachann tú ar www.facebook.com/BlanchardstownVillage/ agus ar www.twitter.com/BlanchardstownT chun tuilleadh eolais a fháil faoi ghrúpa na mBailte Slachtmhara. Beidh grúpa ag obair ó Supervalu sa sráidbhaile ar na dátaí seo thíos

Satharn 5 Deireadh Fómhair 10:00 – 12:00 | *Saturday: 5th Oct 10-12*

Satharn 19 Deireadh Fómhair 10:00 – 12:00 | *Saturday: 19th Oct 10-12*

*Unfortunately, due to bad weather we had to cancel this day. Of course, things improved as soon as we cancelled! Some of the classes managed to get out and do a bit however and w ewill do it again. Be sure to check out* www.facebook.com/BlanchardstownVillage/ *and* www.twitter.com/BlanchardstownT for more information on the Tidy Towns group. A group will be meeting at Supervalu in Blanchardstown Village on the dates above.

## Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

### *Aladdin* agus Cumarsáid | *Aladdin and Communication*

Mar is eol daoibh, tá cumarsáid na scoile á riaradh tríd Aladdin anois. Ar ndóigh, téann an chumarsáid an dá bhealach agus is féidir leatsa na rudaí seo thíos a fheiceáil agus a dhéanamh ar chuntas Aladdin do pháiste. Tá sé i gceist againn áis íocaíochta ar-líne a thabhairt isteach freisin

Pé íocaíochtaí atá déanta agat | *Any payments you have made*
Nótaí asláithreachta a scríobh | *Write absence notes*
Foirmeacha Ceada a líonadh | *Complete Permission Slips*
Tinreamh do pháiste | *Your child's Attendance*
Cruinithe na dTuistí a eagrú | *Schedule Parent Teacher Meetings*
Sonraí do pháiste a leasú | *Edit your child's details*

*As you know, the school's communication is being administered through Aladdin now. Of course, communication goes both ways and you can see and do all the above on your child's Aladdin account. It is also intended to bring an online payments facility in.*

### Oíche Oscailte | *Open NIght*

Bhí ár gcéad Oíche Oscailte riamh againn sa scoil ar an gCéadaoin le feasacht an phobail mhaguaird ar an scoil a ardú. Bhí an-rath ar an ócáid! Bhí freastal breá ar an oíche agus táimid an-bhuíoch de na páistí, de na tuismitheoirí agus de na múinteoirí (iardhaltaí agus a dtuismitheoirí san áireamh!) a chabhraigh linn ócáid den scoth a eagrú. Ba léiriú deas é ar luachanna an chomhoibrithe atá againn sa phobal scoile.

*We had our first ever Open Night in the school on Wednesday to raise awareness of the school in the local community! The occassion was a raging success! There was a great attendance and we're very grateful to the children, the parents and the teachers (past-pupils and parents included!) who helped organaise a great occassion. It was a lovely exhibition of the values of co-operation we have in our school community.*

### Toghchán chun Ainmnithe na dTuismitheoirí don Bhord Bainistíochta a roghnú |
*Election to choose the Parents' Nominees to the Board of Management*

Beidh cruinniú againn sa scoil ar an gCéadaoin 23 Deireadh Fómhair chun Ainmnithe na dTuismitheoirí a thoghadh don Bhord Bainistíochta nua a thosóidh ar an 1 Mí na Nollag.

**Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara nach toscairí a gcuid toghthóirí iad comhaltaí boird. Níl aon dualgas orthu tuairisciú dá dtoghthóirí ná treoir a ghlacadh uathu faoin mbealach a gcaithfidh siad vóta ag cruinnithe Boird. D'fhéadfaí go sáródh tuairisciú den chineál sin na riachtanais rúndachta. Is faoi gach Bord atá sé cinneadh a dhéanamh faoi cad is féidir a thuairisciú agus cé a dhéanfaidh an tuairisciú, agus sa mhéid seo, is den riachtanas é plé le cúrsaí pearsanra, airgeadais agus pearsanta ag teacht le riachtanais rúndachta ábhartha.**

**Is cinntí Boird iad cinntí a dhéantar de chomhréiteach nó le vóta. Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí aonair an Bhoird an t-ábhar a pléadh ag cruinnithe a choinneáil faoi rún mura n-aontaíonn an Bord a mhalairt agus i gcás go n-aontaítear e, níor cheart do chomhaltaí an Bhoird cáineadh poiblí a dhéanamh ar chinntí Boird ná aon rud diúltach a rá maidir leo go poiblí, beag beann ar an tuairim phearsanta atá acu féin ar an ábhar.**

**Tá foráil in alt 9.3 don Bhord chun tuairisc aontaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le dea-chumarsáid le tuismitheoirí, foireann agus an pobal scoile. Ní chuirfear san áireamh sa tuairisc chomhaontaithe sonraí maidir le haon saincheisteanna nach mór a choinneáil faoi rún ag comhaltaí Boird.**

Ag an gcruinniú lorgófar Ainmniúcháin d'Athair agus do Mháthair. Tá cead ag gach tuismitheoir/caomhnóir sa scoil vóta a chaitheamh. Is féidir le hiarrthóir iad féin a ainmniú ach is gá do gach ainmniúchán a bheith cuidithe. Má tá 2 cheann nó níos mó d'ainmniúcháin, beidh vóta rúnda chun Ainmnithe na dTuistí a thoghadh. Cé gur féidir le hainmní tuismitheora ar Bhord Bainistíochta a bheith ina bhall de choiste Chumann na dTuismitheoirí, níor chóir dóibh ról oifige a bheith acu ar choiste Chumann na dTuismitheoirí. Is gá go bhfuil páiste ionrollaithe sa scoil ag Ionadaí na dTuismitheoirí i láthair na huaire. Níor cheart go mbeadh gaol ag Ainmní na dTuismitheoirí le haon bhall eile an Bhoird ná na Foirne. Ba cheart go dtiocfaidh Ainmnithe na dTuismitheoirí ó dhá theaghlach éagsúla. Má tá ceist ar bith agat faoin bpróiseas, téir i dteagmháil le hAntóin. Tá traidisiún fada de thacaíocht agus de rannpháirtíocht na dtuismitheoirí ag Scoil Oilibhéir. Tá an t-ádh linn go dtí seo go bhfuil tuismitheoirí againn a thugann go fial dá gcuid ama, dá gcuid fuinnimh, agus dá gcuid saineolais agus is mian linn leanúint leis an traidisiún seo.

*We will have a meeting in the school on Wednesday 23 October to elect the Parent Nominees to the new Board of Management which will commence on 1 December.* ***It is important to note that Board members are not delegates of their electorates. They have no obligation to either report back to their electors or to take instruction from them on how to vote at Board meetings. Such reporting may be a breach of confidentiality requirements. It is a matter for each Board to decide what may be reported and by whom and, in this respect, it is essential that personnel, financial and personal matters are dealt with in line with relevant confidentiality requirements.***

***Decisions arrived at by consensus or by vote are decisions of the Board. Individual members of the Board are obliged to keep the matters discussed at meetings confidential, unless otherwise agreed by the Board and where so agreed, members of the Board must not publicly criticise or make any negative public comment about Board decisions, irrespective of their own personal views on the matter.***

***Section 9.3 provides for the Board to put in place an agreed report to support good communications to parents, staff and the school community. The agreed report shall not include details of any issues which must remain confidential to Board members.***
*At the meeting Nominations will be sought for a Mother and a Father. A candidate may be self-nominated but the nomination must be seconded. If there are 2 or more nominations, there wil be a secret ballot to elect the Parents' Nominees. A Parent Nominee on a board of management while they can be a member of*

*the Parents' Association committee, they should not hold a position of office on the Parents' Association committee. Parent Nominees must have a child enrolled in the school at present. Parent Nominees should not have any relationship to other board members or staff. Parent Nominees should be from separate families. If you have any queries about this process, please get in touch with* Antóin. Scoil Oilibhéir *has a long tradition of parental support and involvement. We have been very lucky to have parents contribute huge time, energy and expertise and and we wish to continue this tradition.*

## Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí | *Parent-Teacher Meetings*

Beidh na cruinnithe seo ar siúl san iarnóin ar an 27 agus 28 Samhain. Rachaidh na páistí abhaile ar 14:15 ar an dá lá seo agus is gá go mbaileofar iad go pras. Ní bheidh tú in ann cruinniú a chur in áirithint ach amháin tríd Aladdin agus osclófar an córas ar an gCéadaoin seo chugainn 9 Deireadh Fómhair ar a 20:00.

*These meetings will take place on the 27 and 28 November in the afternoon. The children will go home at 14:15 those days and must be collected promptly. You will only be able to schedule a meeting through Aladdin and the sytem wil open next Wednesday 9 October at 20:00.*

## Taithí Oibre na hIdirbhliana | *Transition Year Work Experience*

Caithfidh mé cúpla pointe a mhíniú daoibh maidir le glacadh le daltaí idirbhliana sa scoil chun taithí oibre a dhéanamh. I dtús báire, is mór againn é go bhfuil an méid sin páistí ag iarraidh teacht chugainn agus is mór an chabhair iad freisin. Déanaimid ár ndícheall deis a thabhairt dóibh taithí a fháil ar shaol na scoile agus faoi shaol an mhúinteora sa chás go bhfuil an dalta féin compordach le dul ag obair le páistí faoi stiúir an mhúinteora.

Faraor, ní féidir linn glacadh le gach éinne ach an oiread agus tá sé ríthábhachtach má tá dalta ag iarraidh teacht anseo go dtéann siad i dteagmháil liom le dátaí chomh luath agus is féidir. Tabharfar túsáite d'iardhaltaí na scoile agus do dhaltaí le Gaeilge.

Tuigfidh sibh ar ndóigh go bhfuil riachtanais ar leith maidir le Grinnfhiosrú na nGardaí agus ba mhaith liom a mhíniú;

- nach mbeimid in ann glacadh le dalta meánscoile mura bhfuil Grinnscrúdú na nGardaí déanta acu roimh thús na tréimhse.
- Is gá dóibh an fhoirm a fháil ón scoil agus an fhoirm a líonadh, ar a laghad, dhá mhí roimh thús na treimhse
- go bhfuil coinníollacha ar leith a bhaineann le páistí idir aois a 16 agus aois a 18 agus go mbeidh foirm le síniú ag a dtuismitheoirí freisin
- Ní féidir linn faoi láthair grinnscrúdú a dhéanamh ar pháistí faoi 16 bliana d'aois

Súil agam go bhfuil sé seo soiléir agus ar ndóigh, táim breá sásta é a phlé más gá.

*I need to explain a couple of points regarding acceptance of Transition Year Students to do work experience in the school. Firstly, we really appreciate that so many students want to return to us and also, they are a huge help. We endeavour to give them a real taste of the life of the school and the life of a teacher where the student is comfortable with working with the children under the supervision of the Class Teacher.*

*You will understand of course that there are certain requirements regarding Garda Vetting and we would like to explain that;*

- *We won't be able to accept any student who isn't Garda Vetted before the beginning of the Work Experience.*
- *The form must be obtained from the school and returned at least two months before the beginning of the Work Experience.*
- *There are certain separate conditions pertaining to the vetting of students between 16 and 18 years of age and that there will be a form to be signed by their parents.*
- *We cannot at present vet children under 16*

*Unfortunately, we cannot accept everybody, and it is crucial that if a student wishes to come here that they get in touch with dates at the earliest opportunity. Priority will be given to past-pupils and students with Gaeilge.*

## Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta sa scoil | *Irish Classes for Adults in the school*

Tosóidh na ranganna ar an gCéadaoin seo chugainn 9 Deireadh Fómhair. Mura bhfuil tú cláraithe cheana féin, bí i dteagmháil leis an oifig nó le Cumann na dTuismitheoirí. Fáilte roimh éine, ní díreach tuistí na scoile. Eolas ceangailte.

*The Irish classes will begin next Wednesday 9 October. If yu haven't alreayd registered, get in touch with the office or with* Cumann na dTuismitheoirí. *All welcome, not just parents. Information attached*

## Earraí Scoile | *School Supplies*

Chuaigh clúdach litreach bán abhaile leis an leabharliosta don íocaíocht thábhachtach seo. Cuir ar ais chuig Anna na hOifige é láithreach le bhur dtoil mura bhfuil sé déanta cheana féin. Ba cheart duit é a fheiceáil ar Aladdin nuair atá sé faighte againn. Bí ag caint linn má tá an clúdach litreach caillte agat. Más gá duit plean íocaíochta a oibriú amach liom, is féidir linn teacht ar réiteach discréideach. Tar i dteagmháil liom faoi rún más gá. Is cuid den Leabharliosta é agus íocann sé as na rudaí seo a leanas i measc go leor rudaí eile;

- Árachas 24 Uair - *24-hour Insurance*
- *Aladdin*
- Ábhair Ealaíne - *Arts Materials*
- Trealamh Spóirt - *Sports Equipment*
- Imeachtaí Breise - *Extra Activities*
- Fótachóipeáil - *Photocopying*

*A white envelope went home with the Booklist for this important payment. Please send it in to Anna in the Office immediately if you haven't already done so. You should see it on Aladdin when we receive it. Get in touch if you've lost the envelope. If you need to work out a payment plan with me, we can come to a discreet arrangement. Please contact me in confidence if you need to. It is part of the Booklist and this pays for the above, among other things.*

## Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

### Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Tá Cumann na dTuismitheoirí gnóthach ag eagrú Tráth na gCeist 2019!! Is ócáid shóisialta iontach é agus bealach maith é freisin aithne a chur ar na tuismitheoirí eile. Ní gá duit a bheith i do thuismitheoir agus tá fáilte roimh éinne. D'fhéadfaí go léireofá do chuid eolais ghinearálta agus go mbuafá duais dheas duit féin. Beidh sé ar siúl ar an 24 Deireadh Fómhair at 20:30 sa *Bell*. An costas ná €40 do gach bord ceathrair (agus ceathrar amháin ag an mBord!!!). Más féidir leat cabhrú ar aon bhealach, nó má tá baint agat le gnó éigin a bheadh sásta duais a dheonadh nó leathanach a thógáil sa leabhar, bí i dteagmháil leis an gCumann. Beidh crannchur speisialta d'aon bhord atá cláraithe agus íoctha roimh 14:30 an Luan 21 Deireadh Fómhair.

*Cumann na dTuismitheoirí have been very busy organising Table Quiz 2019. It's a fantastic social occasion and great way to get to know other parents in the school. You don't have to be a parent and anyone is more than welcome. You might also show off your general knowledge and win a nice prize. It will be on 24 October in the Bell at 20:30. The cost of a table of four is €40 (and strictly 4 to a table!!!). If you can help in any way, or if you're connected to a business that might donate a prize or take a page in the booklet, please contact the Cumann. There will be a special draw for any table that registers and pays before 14:30 on Monday 21 October.*

### Cúrsaí Spóirt | *Sporting Matters*

Tá na buachaillí ag imirt sa chluiche ¼ ceannais ar an Máirt seo agus tána cailíní ag imirt sa chluiche leathcheannais ar an gCéadaoin seo chugainn. Ádh mór oraibh agus míle buíochas le Múinteoirí Caitríona, Colleen, Pádhraic agus Shane as an obair ar fad leo. An-bhuíochas ag dul na tuismitheoirí ar fad as ucht na tacaíochta le síobanna srl.

*The boys play the ¼ finals next Tuesday and the girsl play the semi-finals next Wednesday. Bets of luck and many thanks to Múinteoirí Caitríona, Colleen, Pádhraic and Shane for all tehir work with them. Very gratefeful also to the parents for all the support with lifts.*

### Laethanta Corpoideachais | *PE days*

Tá an Yóga tosaithe anois leis na bunranganna agus caithfidh siad éadaí spóirt a chaitheamh gach Luan. Beidh CLG ag na hArdranganna ar an Aoine .

Yoga has now started for the Junior Classes and they are to wear tracksuit every Monday. Senior classes will have GAA every Friday;

| | | | |
|---|---|---|---|
| Naíonáin Bheaga Ghlasa | - | An Luan - An Mháirt | *Monday - Tuesday* |
| Naíonáin Bheaga Bhuí | - | An Luan - An Déardaoin | *Monday -Thursday* |
| Naíonáin Mhóra | - | An Luan - An Chéadaoin | *Monday -Wednesday* |
| Rang a hAon | - | An Luan - An Chéadaoin | *Monday -Wednesday* |
| Rang a Dó | - | An Luan - An Déardaoin | *Monday -Thursday* |
| Rang a Trí | - | An Chéadaoin - Aoine | *Wednesday - Friday* |
| Rang a Ceathair | - | An Aoine | *Friday* |
| Rang a Cúig | - | An Chéadaoin - Aoine | *Wednesday - Friday* |
| Rang a Sé | - | An Aoine | *Friday* |

### Dátaí don Dialann |*Dates for the Diary*

**07-10-2019** Oscailt na n-iarratas do mheánscoil Mount Sackville óna 8:00 – caithfear cailíní a chlárú i Rang a Trí
*Opening of applications to Mount Sackville Secondary from 8:00 – girls must be registered in Third Class*

**11-10-2019** Aifreann Oilibhéir | *Annual Mass* *12:30* – Abhaile ina dhiadh| *Home afterwards*

**14-10-2019** Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i gColáiste Mhuire 12:00
*Deadline for First Year Applications in* Coláiste Mhuire 12:00

**23-10-2019** Toghchán d'Ainmnithe na dTuismitheoirí don Bhord Bainstíochta | *Election of Parents' Nominees to Board of Management* 20:00

**24-10-2019** Spriocdháta na n-iarratas ar an gCéad Bhliain 2020 i gColáiste na Tulchann 16:00
*Deadline for First Year Applications in* Coláiste na Tulchann 16:00

**24-10-2019** Tráth na gCeist Bliantúil | *Annual Table Quiz* 20:30 sa *Bell*

**20-11-2019** **Scoil Dúnta – Oiliúint In-seirbhíse | *School Closed – In-service training***

**27-11-2019** Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí | *Parent Teacher Meetings* 14:45-17:45 Páistí abhaile ar 14:15

**28-11-2019** Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí | *Parent Teacher Meetings* 14:45-16:45

**13-12-2019** Seó na nOg | *Infants Christmas Show* 12:00-13:30

**31-12-2019** Spriocdháta do Choláiste Chaisleán Cnucha 2021| *Deadline for Castleknock College* 2021

**31-03-2020** Spriocdháta na n-iarratas do Choláiste Belvedere – caithfear iarratais do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig
*Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class*

**28-02-2020** Cóineartú | *Confirmation* 11:00 i Séipeál Bhríde

**23-05-2020** Comaoineach | *Communion* 12:00 i Séipéal Bhríde

# Scoil Oilibhéir

## RANGANNA GAEILGE DO DHAOINE FÁSTA

## IRISH CLASSES FOR ADULTS

**Gach Céadaoin 20:00-21:30**

**Every Wednesday 20:00-21:30**

**9 Deireadh Fómhair go 4 Nollaig**

*9 October - 4 December*

### 3 Rangleibhéal

**Glantosaitheoirí** - Daoine gan aon Ghaeilge

**Meánleibhéal**- Doaine le cúpla focal

**Ardleibhéal** - Daoine atá nach mór in ann comhrá a dhéanamh

### 3 Class Levels

***Beginners***- *People with no Irish at all*

***Improvers***- *People with a few words*

***Highlevel***-*You can make basic conversation*

01-8215277

€50

runai.scoil.oilibheir@gmail.com

cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com